# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

## Bunús cuntasaíochta

Léirítear idirbhearta airgeadais ranna rialtais[1] i gcuntais leithreasa, agus ullmhaítear na cuntais sin de réir an Exchequer and Audit Departments Act 1866 (arna leasú ag Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993) agus de réir na rialacha agus na nósanna imeachta cuntasaíochta atá leagtha amach ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Taifead bunaithe ar airgead tirim atá sna cuntais ar na fáltais agus na híocaíochtaí sa bhliain i gcomparáid leis na suimeanna a sholáthraítear faoin Acht Leithreasa. Léirítear figiúirí na bliana roimhe sin sna cuntais freisin chun críche comparáide. Tá faisnéis áirithe maidir le fabhruithe le fáil sna nótaí leis na cuntais.

## An tréimhse tuairiscithe

Is í an tréimhse tuairiscithe an bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018.

## Fáltais

Íoctar gach ioncam de chuid an Stáit isteach sa Phríomhchiste de ghnáth.

Baineann fáltais na ranna le dhá aicme: is féidir iad a leithreasú ar mhaithe le caiteachas bunaithe ar vóta, nó is féidir iad a ghéilleadh díreach isteach sa Phríomhchiste. Ba cheart faomhadh na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fháil i gcónaí roimh chinneadh a dhéanamh caitheamh le cineál áirithe fáltais mar leithreasú-i-gcabhair nó mar fháltas díreach don Státchiste.

Fáltais is ea iad leithreasuithe-i-gcabhair ar féidir iad a úsáid, faoi alt 2 den Public Accounts and Charges Act 1891, chun caiteachas a chlúdach sa mhéid atá ceadaithe san Acht Leithreasa bliantúil. Go hiondúil, fáltais atá iontu a thagann chun cinn i ngnáthchúrsa gnó roinne faoin vóta.

Ceanglaíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar ranna fáltais áirithe a chur go díreach do shochar an Státchiste mar fháltais 'bhreise'. Go hiondúil, fáltais atá iontu nach mbaineann go díreach leis an gcaiteachas faoin vóta nó is fáltais amhantair iad. Ní féidir fáltais bhreise den sórt sin a úsáid chun caiteachas faoin vóta a chlúdach.

Déantar fáltais dá leithéid, más ann dóibh, a thuairisciú i nóta leis an gcuntas leithreasa (Nóta 4). Ceanglaítear ar ranna miondealú a chur ar fáil ar fháltais dá leithéid mar aon le míniú sa chás gur suimeanna de chineál ábhartha atá i gceist. Ina theannta sin, ceanglaítear ar ranna na suimeanna arna dtaisceadh sa Státchiste (tríd an gCuntas Taisce Ilghnéitheach) agus na suimeanna iníoctha (suimeanna nach bhfuil aistrithe go fóill) a nochtadh, sa chás nach ionann na suimeanna.

Ina theannta sin, ceanglaítear ar ranna an miondealú a sholáthar ar fháltais bhreise Státchiste ar bhonn iarmhéid tosaigh/iarmhéid deiridh.

1 Sa ráiteas seo, cuimsítear leis an téarma 'roinn' ranna rialtais láir, oifigí agus gníomhaireachtaí atá freagrach as bainistíocht agus cuntasaíocht vóta.

## Íocaíochtaí

Cuimsíonn íocaíochtaí na suimeanna sin a tháinig i gcúrsa na híocaíochta i rith na bliana. Meastar suimeanna a bheith tagtha i rith chúrsa na híocaíochta i gcás inar tabhaíodh an dliteanas, ina bhfuil íocaíocht dlite, agus inar cuireadh an t-ordú íocaíochta chun feidhme.

I gcás inar tabhaíodh dliteanas agus ina bhfuil an íocaíocht dlite (.i. tá an dliteanas aibithe), ba cheart an íocaíocht a dhéanamh roimh dheireadh na bliana chun sláine an chuntais leithreasa a áirithiú. I gcásanna nach ndearnadh an íocaíocht agus ina bhfuil dliteanais aibithe gan íoc ag deireadh na bliana, ba cheart suim na ndliteanas sin a thabhairt i nóta leis an gcuntas (Nóta 2).

I gcás ina bhfuil roinn ag gníomhú mar gníomhaire le haghaidh roinn Rialtais eile (an príomhaí), rud a fhágann go bhfuil idirbhearta airgeadais ann, ba cheart don ghníomhaire na hidirbhearta a chur trí chuntas fionraí de ghnáth, mar is muirear deiridh atá sa tseirbhís i gcuntas leithreasa an phríomhaí.

I gcásanna ina gceanglaíonn an gníomhaire ar an bpríomhaí réamhchistiú a chur ar fáil le gur féidir an íocaíocht a dhéanamh, níor cheart a mhuirearú do chuntas leithreasa an phríomhaí ach na suimeanna sin atá deimhnithe ag an ngníomhaire gur caitheadh iad i mbliain an chuntais.

## Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá seirbhísí gaolmhara á gcur ar fáil go lárnach do, nó thar ceann, vótaí roinne ar an mbonn go bhfuil an roinn soláthair (arb é a príomhfheidhm na seirbhísí lárnacha seo a sholáthar), mar speisialtóirí, in ann na seirbhísí a sholáthar níos éifeachtúla ná sealbhóir an vóta. Áirítear seirbhísí comhroinnte anseo.

Tá mionsonraí i nóta na nglanseirbhísí gaolmhara (i Nóta 1) maidir le méid an chaiteachais i ndáil le vóta a tabhaítear in áit éigin eile. Tá boinn tomhais éagsúla ann chun figiúirí caiteachais na seirbhísí gaolmhara a ríomh.

## Fabhruithe

Tá faisnéis maidir le fabhruithe le fáil sna nótaí le gach cuntas leithreasa. Cuimsítear na nithe seo a leanas leis an bhfaisnéis sin:

- ráiteas maidir leis an gcostas oibriúcháin (Nóta 1) ina léirítear suim iomlán na n-acmhainní atá ídithe ag an vóta san bhliain sin
- ráiteas ar an staid airgeadais ina léirítear sócmhainní agus dliteanais an vóta ag deireadh na bliana (Nóta 2), agus
- nótaí míniúcháin ina soláthraítear sonraí maidir le sócmhainní caipitil, an glandliteanas don Státchiste, agus aon ceangaltais.

Cuimsítear sa ráiteas ar an staid airgeadais an staid ag deireadh na bliana ina leith seo a leanas:

- **Speansais fhabhraithe** — léirítear iontu sin na dliteanais ar fad ag deireadh na bliana, ach amháin dliteanais maidir le luach saothair agus pinsin. I gcás earraí agus seirbhísí, aithnítear dliteanas fabhraithe i gcás ina gcomhlíonann an t-íocaí an ceanglas conarthach chun na hearraí nó seirbhísí arna n-ordú a sholáthar. Is mar dhliteanas a chaitear le suimeanna atá dlite le haghaidh earraí atá seachadta ach nach bhfuil íoctha fós, fiú mura ndearna cigireacht orthu agus nár cuireadh leis an stoc iad. I gcás deontas, aithnítear dliteanas i gcás ina gcomhlíonann an deontaí ceanglais uile na scéime deontais ach nach bhfuil íocaíocht faighte aige go fóill. Aithnítear dliteanais i leith taistil agus cothabhála nuair atá an taisteal curtha i gcrích.
- **Réamhíocaíochtaí** — is íocaíochtaí iad a déanadh le linn na bliana cuntais chun speansais a íoc a thiocfaidh chun cinn i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin.
- **Ioncam fabhraithe** — ioncam atá ann atá dlite don vóta ag deireadh na bliana cuntais nach bhfuil faighte go fóill.
- **Ioncam iarchurtha** — léirítear leis seo ioncam atá faighte ag an vóta i rith na bliana cuntais le haghaidh earraí/seirbhísí nach bhfuil curtha ar fáil ag an vóta go fóill.

## Sócmhainní caipitil

Léirítear i nóta leis an ráiteas ar an staid airgeadais (Nóta 2) luachanna tosaigh agus deiridh na sócmhainní caipitil ar chlár sócmhainní vóta agus sonraí ar dhímheas.

Ba cheart sócmhainní caipitil atá á bhforbairt a chuimsiú laistigh de shócmhainní caipitil sa ráiteas ar an staid airgeadais lena léirítear caiteachas ar na sócmhainní arna bhforbairt laistigh den vóta, mar shampla forbairt bogearraí nó tionscadail tógála.

Ní chuimsítear na nithe seo a leanas sa ráiteas ar shócmhainní caipitil

- sócmhainní ar lú ná €1,000 a gcostas agus/nó
- sócmhainní oidhreachta nach féidir a luach a léiriú go leordhóthanach i dtéarmaí airgeadais. (Áirítear sócmhainní oidhreachta ar féidir iad a luacháil san ráiteas.)

### *Luacháil sócmhainní*

*Talamh agus foirgnimh*

Cuimsítear an talamh agus na foirgnimh go léir atá faoi úinéireacht an Stáit agus arna rialú nó arna mbainistiú ag vóta sa ráiteas ar an staid airgeadais (agus sa nóta maidir le sócmhainní caipitil). Más ábhartha, mínítear bunús na luachála do thalamh agus d'fhoirgnimh i réamhrá an Oifigigh Cuntasaíochta leis an gcuntas leithreasa.

I gcás ina bhfuil úinéireacht talún agus foirgneamh (a) faoi chúram Oifig na nOibreacha Poiblí nó (b) faoi chúram Aire ach go bhfuil siad á rialú/á mbainistiú ag Oifig na nOibreacha Poiblí, cuimsítear iad sa chuntas don Oifig sin.

I gcás ina bhfuil talamh nó foirgnimh faoi chúram Aire ach go bhfuil siad á rialú/á mbainistiú ag comhlacht seachtrach, ní áirítear iad mar shócmhainní vóta na roinne, ach léirítear úinéireacht na sócmhainne i gcuntas na roinne.

Seachas sin, léirítear talamh nó foirgnimh faoi chúram Aire i gcuntas an vóta ábhartha.

Ba cheart do ranna/oifigí rialtais nach féidir leo, ar chúiseanna teicniúla, luachálacha a sholáthar le haghaidh talamh agus foirgnimh atá faoi úinéireacht an Stáit atá á rialú nó á mbainistiú acu, sceideal de na sócmhainní sin a chur leis an gcuntas leithreasa.

*Trealamh, troscán agus feistis*

Déantar trealamh, troscán agus feistis a luacháil ar a gcostas.

*Sócmhainní eile*

I gcás inar gá, leagtar amach na polasaithe cuntasaíochta maidir le luacháil sócmhainní eile (mar shampla feithiclí speisialaithe) i réamhrá an Oifigigh Cuntasaíochta leis an gcuntas leithreasa.

***Dímheas***

Ní dhéantar talamh a dhímheas.

Déantar foirgnimh a dhímheas faoi mar a léirítear i réamhrá an Oifigigh Cuntasaíochta leis an gcuntas leithreasa.

Déantar trealamh, troscán agus feistis a dhímheas ar mhódh an líne dhírigh ag na rátaí bliantúla seo a leanas:

- troscán agus feistis, agus trealamh teileachumarsáide — 10%
- trealamh TF agus bogearraí, trealamh eolaíochta agus saotharlainne agus innealra oifige eile — 20%; agus
- mórchórais bogearraí oibriúcháin — 10%. I gcás inar gá, déantar earraí caipitil eile a dhímheas faoi mar a léirítear i réamhrá an Oifigigh Cuntasaíochta leis an gcuntas leithreasa.

## Banc agus airgead tirim

Ba cheart go n-áireofaí faoi bhanc agus airgead tirim iarmhéideanna iomlána banc tráchtála (párolla agus cuntais eile vóta-ghaolmhar) ag deireadh na bliana atá á maoiniú ag an Státchiste trí chaiteachas vótáilte, nó a áirítear iontu fáltais atá faoi dhliteanas iad a íoc leis an Státchiste. Ba cheart go sainaithneofaí leo féin cuntais bainc an Phámháistir Ghinearálta (PMG) ó chuntais bainc tráchtála eile sa nóta.

Nochtar mionsonraí maidir le cuntais bainc tráchtála eile nach bhfuil maoinithe ag nó faoi dhliteanas a íoc leis an Státchiste trí nóta.

## Stoic

Luaitear tomhaltáin ar a gcostas nó de réir luacháil na roinne, cibé acu is lú.

## Glan-dliteanas don Státchiste

Léirítear sa nóta maidir leis an nglan-dliteanas don Státchiste staid cistiúcháin an vóta ag deireadh na bliana, agus an farasbarr le géilleadh agus eisiúintí ón Státchiste ar bhonn carnach/atrátha á gcur san áireamh. Léirítear freisin miondealú ar an bhfigiúr sin i dtéarmaí iarmhéideanna bainc/airgid thirim, fáltais atá dlite ó fhéichiúnaithe, agus dliteanais reatha.

## Ceangaltais

Oibleagáid chonartha is ea ceangaltas chun íoc as earraí nó seirbhísí (lena n-áirítear tionscadail chaipitiúla) ar a seachadadh, ach nach bhfuil siad curtha ar fáil fós ag deireadh na bliana. I gcás scéimeanna deontais, aithnítear ceangaltas nuair a fhaomhtar an deontas ach go bhfuil riachtanais na scéime le comhlíonadh go fóill ag an deontaí.

Nochtar gealltanais dhomhanda chonarthacha (sa bhreis ar €10,000) ar dóigh a thiocfaidh chun cinn sna blianta amach anseo trí nóta, faoi na ceannteidil: soláthar earraí agus seirbhísí, cláir deontais neamhchaipitil, cláir deontais chaipitil, tionscadail chaipitil agus tionscadail chomhpháirtíochta príobháidí poiblí.

Nochtar mionsonraí maidir le gach mórthionscadal caipitil agus tionscadal comhpháirtíochta príobháidí poiblí, sa chás go sáraíonn luach an tionscadail €10,000,000, ina n-aonar.

Sa chás go bhfuil athrú níos mó ná €500,000 ag baint leis an leibhéal gealltanais tuairiscithe nó le costas réamh-mheasta an tionscadail i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, ba cheart an chúis atá leis an athrú a mhíniú.

## Dliteanais theagmhasacha

Tagann dliteanas teagmhasach chun cinn i gcás ina gcruthaítear riosca go nglaofar ar chistí Státchiste amach anseo mar thoradh ar ghníomhartha nó ar imeachtaí roimhe seo nó amach anseo. Nochtar dliteanais theagmhasacha i nóta ach amháin nuair is fánach an seans go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ann.

## Aoisliúntas

Tá foráil i Vóta 12 – Aoisliúntais agus Liúntais Scoir d'íocaíochtaí aoisliúntais le státseirbhísigh ar scor. Soláthraíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe meastachán ar an tsuim atá inchurtha i leith gach vóta agus léirítear an meastachán faoin nóta glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara sna vótaí ábhartha.

Déantar íocaíochtaí aoisliúntais le gardaí, múinteoirí, pearsanra an airm agus pearsanra Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear' ó na vótaí ábhartha.

## Idirbhearta in airgeadraí eachtracha

Aistrítear idirbhearta a thagann chun cinn in airgeadraí eachtracha go dtí euro ar an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar lá an idirbhirt. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta in airgeadraí eachtracha a aistriú ag na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ag deireadh na bliana.

## Nótaí eile leis na Cuntais

### *Prionsabail ghinearálta*

De ghnáth, is é is aidhm leis na nótaí eile leis na cuntais leithreasa ná aird Dháil Éireann agus an Choiste um Chuntais Phoiblí a tharraingt ar ábhair a bhaineann leis an rialú parlaiminteach, nó faisnéis níos iomláine a sholáthar ar idirbhearta ábhartha neamhghnácha atá taifeadta sa chuntas, mar shampla caillteanais, íocaíochtaí speisialta nó *ex gratia*, agus luach saothair breise. Ach amháin sna cásanna atá léirithe thíos, soláthraítear nótaí i gcás ina bhfuil suim €50,000 nó níos mó i gceist le hidirbheart ar leith nó le haicme idirbhirt le chéile.

I gcás inar lú na suimeanna ná na luachanna tairsí, soláthraítear nótaí freisin i gcás ina bhfuil saincheist mhór phrionsabail i gceist nó i gcás ina measann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gur cheart nóta a thabhairt.

*Athruithe ó dheontas*

Soláthraítear mínithe i Nóta 3 ar athruithe ar an toradh i gcomparáid leis an bhforáil mheastacháin bhunaidh.

Soláthraítear nóta sna cásanna seo a leanas maidir leis an athrú (±) i ndáil leis an bhforáil mheastacháin bhunaidh (lena n-áirítear aon chistiúchán caipitiúil iarchurtha):

- más luach €100,000 nó níos mó atá i gceist leis an athrú, agus
- más 5% nó níos mó den fho-cheannteideal (25% i gcás fo-cheannteidil riaracháin) atá i gceist leis an athrú, nó
- más athrú suntasach ón bhforáil mheastacháin bhunaidh atá i gceist nach gcomhlíonann na critéir thuas ach ar gá é a mhíniú mar sin féin.

Áirítear nótaí maidir le hathruithe ar na haicmí leithreasuithe-i-gcabhair ar bhonn comhchosúil.

*Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre*

I gcás liúntas agus íocaíochtaí ragoibre, áirítear leis na sonraí i Nóta 5 líon iomlán na bhfaighteoirí liúntais agus íocaíochtaí ragoibre i mbreis is aon aicme amháin, líon na ndaoine ar íocadh €10,000 nó níos mó leo, agus an tsuim ba mhó a íocadh le duine i gcás inar mhó an tsuim sin ná €10,000.

Leagtar amach faoin ‘íocaíocht aonair is airde’ an méid comhiomlán a íocadh le daoine aonair faoi na ceannteidil éagsúla.

*Scaoilíocaíochtaí agus íocaíochtaí iomarcaíochta*

Is gá scaoilíocaíochtaí agus íocaíochtaí iomarcaíochta sa bhreis ar €10,000 a nochtadh trí nóta.

*Cúiteamh agus costais dlí*

Is ceart gnéithe na gcostas dlí a nochtadh i ndáil le cásanna lena mbaineann nó lenar bhain an vóta (ní áirítear leis sin costas na comhairle dlí a soláthraíodh lasmuigh d'imeachtaí dlí, mar shampla i gcomhthéacs forbairt pholasaí nó reachtaíochta). Más rud é go ndéantar ionadaíocht don vóta in imeachtaí dlí (seachas ag Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit), áirítear sa tábla na costais a thabhaítear i ndáil leis na cásanna sin. I gcásanna inar mhó ná €50,000 na costais dlí charnacha i mbliain an chuntais (.i. i gcásanna inar mhó ná €50,000 san iomlán na costais dlí, nó i gcásanna inar mhó ná €50,000 aon chás amháin), is gá nóta a sholáthar ina dtugtar miondealú ar na costais mar seo a leanas

- costais dlí atá íoctha ag an vóta
- costais dlí a dámhadh (i gcoinne an vóta), agus
- cúiteamh a dámhadh.

*Íocaíochtaí déanacha*

I gcás íocaíochtaí úis agus cúitimh faoi na Rialacháin um Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála 2012, soláthraítear faisnéis i Nóta 6 sna cásanna seo a leanas:

- ba é €10,000 nó níos mó luach iomlán na n-íocaíochtaí úis agus cúitimh a bhí dlite, nó
- bhí íocaíocht ar leith ar luach €10,000 nó níos mó i gceist.

*Calaois nó calaois amhrasach*

I gcás caillteanas mar thoradh ar chalaois, calaois amhrasach, nó mírialtachtaí amhrasacha, soláthraítear faisnéis i Nóta 6 sna cásanna seo a leanas:

- ba é €10,000 nó níos mó luach iomlán na gcaillteanas sa tréimhse chuntasaíochta, nó
- ba ann do chaillteanas ar leith ar luach €10,000 nó níos mó, nó
- i gcás caillteanais faoi bhun €10,000, is ann do shaincheist mhór phrionsabail, nó
- i gcás ina measann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gur cheart nochtadh a dhéanamh.

*Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta*

Nuair is ábhartha, ba cheart a áireamh le Nóta 6 ráiteas maidir le caiteachas ar gach coimisiún nó fiosrúchán speisialta arna maoiniú ón vóta. Déantar idirdhealú idir coimisiúin bhuana agus na coimisiúin sin atá bunaithe ar bhonn sealadach chun críche ar leith. Sa chéad chás, léirítear an caiteachas i mbliain an chuntais agus san bhliain roimhe sin. San dara cás, léirítear dáta bunaithe an choimisiúin agus an caiteachas carnach ón dáta bunaithe.

*Cistí deontais agus cuntais ilghnéitheacha*

Nuair is ábhartha, déantar cuntais ar chistí deontais arna maoiniú ón vóta agus ar chuntais ilghnéitheacha eile a chur i láthair i Nóta 6.